2024/323

22.1.2024

# RIALACHÁN (AE) 2024/323 ÓN gCOIMISIÚN

## an 19 Eanáir 2024

## lena gceartaítear an leagan Seicise de Rialachán (AE) 2022/720 maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le catagóirí de chomhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán Uimh. 19/65/CEE ón gComhairle an 2 Márta 1965 maidir le hAirteagal 85(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm i ndáil le catagóirí áirithe de chomhaontuithe agus cleachtais chomhbheartaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 1 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha a thug a thuairim uaidh sular glacadh Rialachán (AE) 2022/720 ón gCoimisiún ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Seicise de Rialachán (AE) 2022/720 tá earráidí in Airteagal 1(1), pointí (d), (i) agus (k), ar earráidí iad a chúngaíonn brí na dtéarmaí a shainmhínítear sna forálacha sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Seicise de Rialachán (AE) 2022/720 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Eanáir 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO 36, 6.3.1965, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/1965/19/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2022/720 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2022 maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le catagóirí de chomhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe (IO L 134, 11.5.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/720/oj).